


Comhrá na gCat

Gabriel Rosenstock a bhí ag cúlústeacht leo



Grianghraf an chládaigh: Jakub Halun

[20171106 Cats Chiang Mai 0178 DxO - Category:Paintings of cats - Wikimedia Commons](#)



Sophie Sperlich

<https://mdl.artvee.com/sftb/702808an.jpg>

‘Hé, féach! Tá mé tar éis breith ar luch! Luch mhór bhán!’

‘Níl!’

‘Tá ambaiste.’

‘Níl ambaiste!’

‘Ambaiste tá!’

‘Níl! Ní luch atá ionamsa!’

‘Ní luch atá ionat?’

‘Ní luch atá ionam, a deirim! Piscín atá ionam!’

‘Pis-pis-piscín? Ní chreidim é. Abair MÍ-ABHA!’

‘Mí-abha!’

‘Arís, *mí-abha-sé-do-thoil é?*’

‘MÍ-ABHA!’

‘Ó . . . piscín atá ionat ceart go leor. Gabh mo mhíle leithscéal!’



[cat-in-the-moonlight.jpg \(640×438\) \(wikiart.org\)](#)

Théophile Steinlen.

Nach mór an náire dom é! Gan a bheith in ann
piscín a aithint thar lucht. Cad atá cearr liom? Níl a
fhios agam. B'fhéidir nach mbím ag smaoineamh.

Nó an é go mbím ag smaoineamh an iomarca?
Piscíní! Lucha! Níl an boladh céanna uathu fiú
amháin!


Adolf von Becker

<https://mdl.artvee.com/sftb/700671an.jpg>



Is mise Siobhán agus . . . Ó, tá mé ag titim i mo chodladh. Beidh comhrá agam leat arís. Ar ball. Tá dreas beag codlata uaim anois.

Tá súil agam nach dtiocfaidh tromluí orm! Tháinig tromluí orm inné–bhí francach ar mo dhroim!



Arthur Heyer

<https://mdl.artvee.com/sftb/701107an.jpg>

Is mise Uachtar. Lig dom mo chara Lola Nic an Iomaire a chur in aithne dhaoibh. Is bóin Dé í Lola. Tá sí go haoibhinn, nach bhfuil? Tá na cait eile go léir in éad liom!

Caithfidh mé a bheith cúramach nach ngortóinn le mo lapa í.

Arthur Heyer


<https://mdl.artvee.com/sftb/701110an.jpg>



Abair liom. Cad é do mheas ar mhadraí?
Dáiríre anois. An bhfuil gá leo? Creidimse nach
bhfuil.

Déanfaidh mé liosta de na rudaí atá fíor-
riachtanach uair éigin. Ní bheidh madraí ar an
liosta sin.

Madraí! Ceapann siad go bhfuil siad an-
chliste! Níl siad in ann 'Mí-abha' a rá fiú
amháin.



Arthur Heyer

<https://mdl.artvee.com/sftb/701104an.jpg>

Déarfaidh mé leat cad atá riachtanach.
Féileacáin! Samhlaigh domhan agus gan féileacán
ar bith ann!

Má fheiceann tú feileacán buí, beidh lá breá
gréine ann go luath. Mo mhamó a dúirt liom é.
Má fheiceann tú féileacán dubh, beidh sé
scamallach!



Is mise . . . bhuel, nílim in ann m'ainm ceart a thabhairt d'éinne, ar eagla na heagla. Tugann daoine áirithe CC orm–Comhartha Ceiste–mar go bhfuil m'eireaball cosúil le comhartha ceiste!

Táim ag obair don CIA. Seasann **C** don fhocal Cait. Níl cead agam a rá cad dó a seasann **I** agus **A**. Tá sé ina rún daingean! Fuist!

Tá oifigí againn i gCo. Ros Comáin, in Uaimh na gCat. Tá cead agam an méid sin a rá leat mar is faoi thalamh atá Uaimh na gCat. Dá mbeifeá ag iarraidh teacht ar ár gcuid oifigí, thógfadh sé míle bliain ort.

Tá Uaimh na gCat ann . . . le cuimhne na gcat! Tá an áit chomh sean leis an gceo.

Cad a bhíonn ar siúl ag an CIA ann? Nílim in ann mórán a insint duit faoi mo chuid oibre, is baolach. Fuist! Cuirfidh mé mar seo é. Bíonn cait áirithe ag troid an t-am go léir. Ag troid eatarthu féin. Ag marú luch agus mar sin de. An jab seo againne ná iad a neodrú, iad a chur as aicsean.

Tá dóthain ráite agam. Fuist! B'fhéidir go bhfuil an iomarca ráite agam. Tá cluasa ar na ballaí, tá a fhios agat. Fuist!



<https://mdl.artvee.com/sftb/701093an.jpg>

‘An tusa a leag an cupán sin, a Róisín?’
‘Ní mé,’ a Mhamáí. ‘Luch a leag é!’
‘Luch? Th’anam ‘on ducs!’



Copyright, 1910, by Frederick A. Stokes Company

<https://mdl.artvee.com/sftb/706976an.jpg>

`Cad a dhéanfaimid inniu?'
`Luch a mharú. Cad eile?'
`Luch a mharú? An gá lucha a mharú?'
`Is gá. Tá sé sa seanfhocal, *Cad a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú!*'
`An gcaithfear géilleadh don seanfhocal?'
`Caithfear! Seo leat anois. Abair leis na cait eile go gcaithfear luch a mharú inniu!'

Arthur Heyer

<https://mdl.artvee.com/sftb/701112an.jpg>

'Luch a mharú? B'fhearr liomsa a bheith ag spraoi
le féileacáin! Seachain nach mbéarfaidh an CIA ort!
Ní maith leosan marú in aon chor!'





Jules Le Roy

<https://mdl.artvee.com/ft/707067an.jpg>

'Luch a mharú? Ní anois! Tá sé in am amhrán a mhúineadh. An bhfuil sibh réidh, a phiscíní?

'Tá!'

'Tá go maith mar sin. *Peigí Sue* le Buddy Holly.'

Och arú, Peigí Sue
Tá mé uaigneach gan tú
Gan mo Pheigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá thú,
Peigí Sue.

Peigí Sue, Peigí Sue
Ionatsa atá mo dhúil
Ó Peigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá thú,
Peigí Sue.

Peigí Sue, Peigí Sue
Peigí, Peigí, Peigí, Peigí lán de shú!
Ó Peigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá thú, tá
tú uaim.

Mo ghrá thú, Peigí Sue,
Táim i ngrá leat, ababú
A Pheigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá thú mo ghrá go
dlúth!

Peigí Sue, Peigí Sue
Peigí, Peigí, Peigí, Peigí lán de shú!
Ó Peigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá thú, is tú atá
uaim.

Mo ghrá thú, Peigí Sue,
Táim i ngrá leat, ababú
A Pheigí, mo Pheigí Sue
A dhe, mo ghrá thú, 'stóirín, mo ghrá go
daingean thú
Ó dhe mo ghrá thú, stóirín, is mo ghrá go
daingean thú!

'An bhfuil sibh sásta luch a mharú anois?'

'Tá! Níl éinne ón CIA thart, an bhfuil?'

'Níl.'

'Seo linn mar sin!'



Henriëtte Ronner-Knip

<https://mdl.artvee.com/sftb/702512an.jpg>




COPYRIGHT, 1911, BY FREDERICK A. STODOL COMPANY

E. F. BONS

`An luchá iad sin? Measaim gur mharaigh mé
luch!'

`Lucha? Cad atá cearr leat? Is duilleoga iad
sin!'

`Ó!'



E.F. BO

COPYRIGHT, 1911, BY FREDERICK A. STODOL COMPANY

'An bhfaca tú luch ar bith?'
'Ní fhaca! Táim ag éirí bréan den obair seo.
Téanam ort abhaile.'



Charles Van Den Eycken

<https://mdl.artvee.com/sftb/702292an.jpg>

`Michelle?'

`Sea, Penelope?'

`Cén t-am é?'

`Tá sé in am luch a mharú!'



Clyde A. Copson

<https://mdl.artvee.com/ft/907357il.jpg>

Breathnú ar éisc i mbabhla? Caitheamh aimsire leamh. Sin a deirtear. Ach má dhéanann tú ar feadh 20 nóiméad ar maidin é agus 20 nóiméad arís um thráthnóna, d'fhéadfadh sé cat nua a dhéanamh díot.



<https://mdl.artvee.com/ft/905261il.jpg>

Frank Arthur Nankivell

SCEIMHLITHEOIR!
An bhfaca tú an pleidhce seo?
Cillian Catastróf is ainm dó

Tá an CIA á lorg

LUAÍOCHT €50,000!




Sophie Sperlich

<https://mdl.artvee.com/ft/701507an.jpg>

‘Is mise Dic!’


‘Agus is mise Mic’.

‘Ní fhaca tú luch ag rith thart, an bhfaca?’



<https://mdl.artvee.com/sftb/909070il.jpg>

‘A luichín! A luichín! Tar amach! Tá a fhios
agam go bhfuil tú ansin!’
‘Nílimse anseo in aon chor!’
‘Níl tú ann, a luichín? Nach bhfuil?’
‘Níl! In áit eile ar fad atáimse!’
‘Cé a labhair liom mar sin, a luichín?’
‘Níl – níl a fhios agam!’
‘Níl a fhios agat?’
Éirigh as anois nó múinfidh an CIA béasa
duit!’



COPYRIGHT, 1911, BY FREDERICK S. STODOLSKY COMPANY

<https://mdl.artvee.com/ft/706979an.jpg>

‘Is maith liom leabhar maith a léamh roimh
dhul a chodladh!’

‘Mise freisin. Oíche mhaith!’

‘Oíche mhaith.’

‘Abair oíche mhaith leis na luchá.’

‘Oíche mhaith, a luchá!’

A CHRÍOCH